

An Bhruiséil, 10 Iúil 2026
(OR. en)

11738/26

STAT 8
FIN 1044

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	8 Iúil 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2026) 349 final
Ábhar:	TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE Tuarascáil 2019-2024 ar staid airgeadais na scéime um árachas dífhostaíochta le haghaidh iar-chomhaltaí den fhoireann shealadach nó iar-bhaill foirne ar conradh agus iar-chúntóirí parlaiminteacha atá dífhostaithe i ndiaidh fhoirceannadh a seirbhíse in institiúid de chuid an Aontais Eorpaigh

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 349 final.

Faoi iamh: COM(2026) 349 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.7.2026
COM(2026) 349 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS
CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**Tuarascáil 2019-2024 ar staid airgeadais na scéime um árachas dífhostaíochta le
haghaidh iar-chomhaltaí den fhoireann shealadach nó iar-bhaill foirne ar conradh agus
iar-chúntóirí parlaiminteacha atá dífhostaithe i ndiaidh fhoirceannadh a seirbhíse in
institiúid de chuid an Aontais Eorpaigh**

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

Tuarascáil 2019-2024 ar staid airgeadais na scéime um árachas dífhostaíochta le haghaidh iar-chomhaltaí den fhoireann shealadach nó iar-bhaill foirne ar conradh agus iar-chúntóirí parlaiminteacha atá dífhostaithe i ndiaidh fhoirceannadh a seirbhíse in institiúid de chuid an Aontais Eorpaigh

1. Eolas cúla	2
1.1 Struchtúr na tuarascála	2
2. An Creat Reachtach	4
2.1 An Creat Dlíthiúil	4
2.2. Tuairisc ar an scéim.....	4
3. Staid Airgeadais agus Iarmhéid Airgid an Chiste Dífhostaíochta 2019-2024	6
3.1 Iarmhéid airgid: torthaí oibriúcháin agus iarmhéideanna carntha 2019-2024	6
3.2 Staid airgeadais: torthaí oibriúcháin 2019-2024	8
3.3 Torthaí Oibriúcháin 2019-2024	8
3.4 Staid airgeadais: miondealú ar chaiteachas agus ioncam	9
4. Anailís ar dhaoine faoi árachas, ar thairbhithe agus ar liúntais a íocadh	10
4.1 Gnéithe modheolaíochta.....	10
4.2. An líon daoine faoi árachas	11
4.3 An líon tairbhithe den scéim um árachas dífhostaíochta agus an ‘cóimheas dífhostaíochta’	11
4.3.1 An líon tairbhithe de liúntais dífhostaíochta.....	11
4.3.2 Cóimheas dífhostaíochta institiúidí an Aontais	12
4.4 Forléargas ar an liúntas dífhostaíochta agus ar an bhfad	15
4.4.1 An líon liúntas dífhostaíochta míosúil arna íoc	15
4.4.2 Fad na Tréimhse Íocaíochta	17
4.5 Dáileadh dífhostaíochta in aghaidh na tíre	18
5. Conclúidí	20
5.1 Tréimhse 2019 – 2024.....	20
5.2 Foráis an Chiste Dífhostaíochta sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma.....	20

1. Eolas cúlra

I gcomhréir le Coinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile (CEOS), tá an liúntas dífhostaíochta beartaithe le haghaidh iar-Chomhaltaí den Fhoireann Shealadach (TAnna), iar-Bhaill Foirne ar Conradh (CAnna) nó iar-Chúntóirí Parlaiminteacha Creidiúnaithe (APAnna) atá i ndífhostaíocht ainneonach (seachas baill foirne a d'éirigh as a bpost, mar shampla) i ndiaidh fhoirceannadh a seirbhíse le hinstitiúid de chuid an Aontais Eorpaigh, de réir bhrí Airteagail 1a agus 1b de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh¹. Tá an liúntas dífhostaíochta sin comhlántach le haon liúntas dífhostaíochta náisiúnta a fhaigheann an t-iarbhall foirne.

Déantar na liúntais sin a mhaoiniú ón gCiste Dífhostaíochta ('an Ciste'), ar ciste é a mhaoinítear le ranníocaíochtaí foirne a chumhdaítear le Coinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile (atá ina dtairbhíthe ionchasacha) agus le ranníocaíochtaí a bhfostóra.

Faoi Airteagal 28a(11) agus Airteagal 96(11) de Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile, ní mór don Choimisiún tuarascáil a chur isteach ar staid airgeadais na scéime um árachas dífhostaíochta gach 2 bhliain. Chun go mbeadh sé níos éasca forás an Chiste a rianú, úsáideann an Coimisiún tréimhse thagartha 5 bliana i gcónaí sa tuarascáil dhébhliantúil sin. Cumhdaíodh an tréimhse 2017-2022 sa tuarascáil roimhe seo agus is é 2019-2024 tréimhse thagartha na tuarascála seo.

1.1 Struchtúr na tuarascála

I ndiaidh achoimre ghearr ar phríomhthátail na tuarascála, tugtar forléargas i Roinn 2 ar an gcreat dlíthiúil, lena n-áirítear mór-shaintréithe na scéime dífhostaíochta chomh maith leis na tagairtí dlíthiúla ábhartha.


Dírítear i Roinn 3 ar ghnéithe airgeadais an Chiste le linn na tréimhse tagartha agus béim á leagan ar fhorás an ioncaim agus an chaiteachais chomh maith leis an iarmhéid carnach.

Déantar anailís i Roinn 4 ar ghnéithe déimeagrafacha chomhaltaí agus thairbhíthe na scéime agus ar phríomh-shaintréithe eile amhail fad na tréimhse íocaíochta agus forléargas ar an dáileadh cónaithe.


Tugtar an tuarascáil chun críche le roinnt breithníthe don todhchaí.

¹ Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 723/2004 ón gComhairle an 22 Márta 2004 lena leasaítear Rialacháin Foirne Oifigigh na gComhphobal Eorpach agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile na gComhphobal Eorpach, IO L 124, 27.4.2004, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2004/723/oj>.


Na príomhthátail idir 2019 agus 2024:



Tháinig méadú ar **chúlchistí an Chiste** le linn na tréimhse tuairiscithe, agus bhí os cionn EUR 106 mhilliún iontu ag deireadh 2024, méadú ó thart ar EUR 31 mhilliún in 2019.



Mhéadaigh líon na **gcomhaltaí** go hos cionn 36 689 (méadú 33 % i gcomparáid le 2019). An tráth céanna, tháinig laghdú 1/3 go 754 ar an líon **tairbhíthe**.



Tháinig méadú ar an **líon liúntas dífhostaíochta** le haghaidh gach catagóire. Tháinig méadú beag ar na meánliúntais le haghaidh CAnna, agus tháinig laghdú beag orthu le haghaidh TAnna agus APAnna.

2. An Creat Reachtach

2.1 An Creat Dlíthiúil

Leagtar síos na coinníollacha lena rialaítear an liúntas dífhostaíochta le haghaidh baill foirne shealadacha in Airteagal 28a de Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile² agus in Airteagal 5 den Iarscríbhinn a ghabhann leis.

Tá na rialacha comhfhreagracha maidir le baill foirne ar conradh leagtha amach in Airteagal 96 de Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile³.

Tá forálacha teicniúla a bhaineann le sochair slándála sóisialta le fáil in Airteagail 135 agus 136 de Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile.

Rialaítear tabhairt cothrom le dáta an luacha saothair agus na méideanna airgeadais gaolmhara, lena n-áirítear an liúntas dífhostaíochta, le hAirteagal 65(1) de na Rialacháin Foirne.

Bunaítear forálacha mionsonraithe cur chun feidhme maidir leis an scéim liúntais dífhostaíochta le Rialachán (CE) Uimh. 780/2009 ón gCoimisiún⁴.

Leagtar síos na socruithe nós imeachta maidir le liúntais dífhostaíochta a dheonú do bhaill foirne shealadacha sna Rialacha ón gCoimisiún an 14 Iúil 1988 lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 28a(10) de Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile⁵.

2.2. Tuairisc ar an scéim

Mar a luaitear i gCaibidil 1, tá an liúntas dífhostaíochta beartaithe le haghaidh iar-Chomhaltaí den Fhoireann Shealadach, iar-Bhaill Foirne ar Conradh nó iar-Chúntóirí Parlaiminteacha Creidiúnaithe atá i ndífhostaíocht ainneonach i ndiaidh fhoirceannadh a seirbhíse le hinstiúid de chuid an Aontais Eorpaigh, de réir bhrí Airteagal 1 de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh. Tá an liúntas dífhostaíochta sin comhlántach le haon liúntas dífhostaíochta náisiúnta a fhaigheann an t-iarbhall foirne.⁶

² Airteagal 28a de Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile arna leasú le Rialachán Uimh. 1023/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013, IO L 287, 29.10.2013, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1023/oj>.

³ Airteagal 96 de Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile arna leasú le Rialachán Uimh. 1023/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013, IO L 287, 29.10.2013, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1023/oj>.

⁴ Rialachán (CE) Uimh. 780/2009 ón gCoimisiún an 27 Lúnasa 2009 lena leagtar síos forálacha chun an tríú fomhír d'Airteagal 28a(2) agus an tríú fomhír d'Airteagal 96(2) de Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme, IO L 226, 28.8.2009, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2009/780/oj>.

⁵ Rialacha ón gCoimisiún an 14 Iúil 1988, agus comhaontú arna thaifeadadh ag Uachtarán Chúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach an 4 Iúil 1989, lena leagtar síos na socruithe mionsonraithe chun na forálacha a bhaineann leis an liúntas dífhostaíochta a thabhairt do bhaill den fhoireann shealadach a chur i bhfeidhm, lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 28a(10) de Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile an Aontais Eorpaigh.

⁶ Leis an athchóiriú ar na Rialacháin Foirne agus ar Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile, athchóiriú a tháinig i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2004, leasáíodh an bunús dlí lena rialaítear incháilitheacht le haghaidh na scéime um árachas dífhostaíochta agus na rialacha maidir le ranníocaíochtaí a íoc leis an scéim a bhí i bhfeidhm ó bhí 1985 ann. Le hathchóiriú eile a tháinig i bhfeidhm i mí Eanáir 2014, cuireadh síneadh le huasfhad conartha na mBall Foirne ar Conradh.

Tá tairbhíthe i dteideal 60 % den bhuntuarastal deiridh sa chéad 12 mhí, rud a laghdaíonn go 45 % sa 12 mhí ina dhiaidh sin agus go 30 % sna 12 mhí deiridh. Ní ach ón seachtú mí ar aghaidh a bhfuil uasteorainn ag na liúntais dífhostaíochta.

Ó foilsíodh an tuarascáil dheiridh go luath in 2024 ina ndearnadh anailís ar an staid go dtí 2022, laghdaíodh ranníocaíocht dífhostaíochta na foirne ábhartha. Go deimhin, tar éis chonclúidí na tuarascála deireanaí⁷ – inar tuaradh méadú ar chúlchistí an Chiste – choigeartaigh an Coimisiún an ranníocaíocht leis an scéim um árachas dífhostaíochta trí Rialachán Tarmligthe⁸. Is é 0,51 % an ráta ranníocaíochta dífhostaíochta nua le haghaidh baill foirne shealadacha agus baill foirne ar conradh. Ina theannta sin, tá ranníocaíocht nua na nInstitiúidí ábhartha laghdaithe ó 1,62 % go 1,02 %. Ós rud é nach cuid de raon feidhme ama na tuarascála seo é an t-athrú ar an ráta ranníocaíochta dífhostaíochta, i.e. níor tháinig an Rialachán Tarmligthe i bhfeidhm faoi dheireadh 2024, déanfar measúnú ar a éifeachtaí sa chéad tuarascáil eile lena gcumhdófar an tréimhse 2021-2026.

Le linn raon feidhme ama na tuarascála, maoiníodh an Ciste leis na ranníocaíochtaí a bhailigh na baill foirne ar conradh, na baill foirne shealadacha agus na cúntóirí parlaiminteacha creidiúnaithe agus na hInstitiúidí de chuid an Aontais Eorpaigh a d'fhostaigh iad, méid arbh é a bhí ann 0,81 % agus 1,62 % den bhuntuarastal faoi seach.

Déantar an liúntas caighdeánach agus na huasmhéideanna agus na híosmhéideanna is iníoctha a thabhairt cothrom le dáta sa chaoi chéanna a dtugtar an luach saothair cothrom le dáta agus i gcomhréir le hAirteagal 65 de na Rialacháin Foirne.

Íoctar gach liúntas teaghlaigh atá dlite anuas ar an liúntas dífhostaíochta. Íocann an scéim um árachas dífhostaíochta an ranníocaíocht le Comhscéim Árachais Breoiteachta (JSIS) an Aontais Eorpaigh (5,1 % de bhuntuarastal tagartha an duine dífhostaithe). Asbhaintear gach sochar sóisialta a fhaightear ar an leibhéal náisiúnta (sochair dhífhostaíochta, liúntais teaghlaigh, sochair bhreuiteachta, sochair bhreithe, etc.).

⁷ Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle – Tuarascáil 2017-2022 ar staid airgeadais na scéime sochar dífhostaíochta le haghaidh iarbhaill den fhoireann shealadach nó iarbhaill foirne ar conradh agus iarchúntóirí parlaiminteacha creidiúnaithe atá dífhostaithe i ndiaidh fhoirceannadh a seirbhíse in Institiúid de chuid an Aontais Eorpaigh (COM(2024) 54 an 6 Feabhra 2024).

⁸ Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/101 ón gCoimisiún an 27 Samhain 2024 lena gcoigeartaítear na ranníocaíochtaí chun an Ciste Speisialta Dífhostaíochta a mhaoiniú a leagtar amach faoi Airteagail 28a agus 96 de Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile, IO L, 2025/101, 31.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/101/oj.

3. Staid Airgeadais agus Iarmhéid Airgid an Chiste Dífhostaíochta 2019-2024

Príomhfhíorais:

- 1) Maidir le **staid airgeadais an Chiste in 2024**, bhí cúlchistí comhiomlána os cionn EUR 106 mhilliún i gceist léi, arb é a bhí iontu EUR 27 milliún sa chuntas reatha agus os cionn EUR 79 milliún sa chuntas infheistíochta. Fás 243 % is ea é sin i gcomparáid le 2019.
- 2) Bhí méadú ar an **gcaiteachas** le linn mhíonna deireanacha 2024 toisc gur tháinig borradh ar an líon tairbhíthe ar APAnna iad mar gheall ar thoghcháin Pharlaimint na hEorpa in 2024. I gcomparáid le 2019, bhí méadú 10 % ann, méadú go EUR 29 milliún in 2024.
- 3) Tháinig méadú cobhsaí ar na figiúirí **ranníocaíochta**. I gcomparáid le 2019, bhí méadú 65 % ann, méadú go dtí os cionn EUR 48 milliún in 2024.
- 4) Bhí toradh os cionn EUR 4 mhilliún ar **Chúlchistí an Ciste** in 2022 agus 2023.
- 5) **Miondealú de réir na hinstiúide:** Is ón gCoimisiún, ó Pharlaimint na hEorpa agus ó Ghníomhaireachtaí a thagann thart ar 90 % de chaiteachas iomlán agus de

Sa roinn seo léirítear forbairtí ar staid airgeadais an Chiste, a ioncam agus a chaiteachas go háirithe, chomh maith le forás chúlchistí an Chiste.

Baineann an Ciste úsáid as dhá ionstraim bainistíochta le haghaidh a ioncaim agus a chaiteachais:

- cuntas reatha atá lonnaithe sa Bhruiséil le PMO, a bhailíonn ó na baill foirne ar conradh, baill foirne shealadacha agus cúntóirí parlaiminteacha creidiúnaithe agus a nInstitiúidí agus a nGníomhaireachtaí lena mbaineann na ranníocaíochtaí míosúla agus a íocann an liúntas dífhostaíochta agus an ranníocaíocht JSIS lena mbaineann araon.
- cuntais infheistíochta atá lonnaithe i Lucsamburg faoi bhainistiú AS BUDG.

3.1 Iarmhéid airgid: torthaí oibriúcháin agus iarmhéideanna carntha 2019-2024

Faoin gcuntasaíocht bunaithe ar airgead, ní thaifeadtar idirbhearta ach amháin nuair a tharla insreabhadh nó eis-sreabhadh airgid le linn na tréimhse anailíse atá i gceist agus a thuairiscítear leis go cruinn méid an airgid a aistríodh/a fuarthas go hiarbhír i dtréimhse ar leith. I dTábla 1 tugtar achoimre ar ioncam agus caiteachas mar a iontráladh iad sna cuntais agus ar an iarmhéid reatha dá dtoradh⁹.

⁹ Chun críoch faisnéise, EUR 1 636 067,14 a bhí i ranníocaíochtaí JSIS in 2021 agus EUR 1 209 776,99 in 2022, uimhreacha a bhí san áireamh cheana féin sa líne liúntais dífhostaíochta. Ní chuirtear na sonraí i láthair ar leithligh a thuilleadh le haghaidh an 2 bhliain dheiridh toisc go n-íoctar na ranníocaíochtaí sin anois an tráth céanna leis na comhpháirteanna eile den liúntas dífhostaíochta (níos mó ná 15) agus nach eilimint ar leith iad, a íoctar trí nós imeachta láimhe.

Tábla 1 – An Ciste Dífhostaíochta – Iarmhéid Airgid – Torthaí Oibriúcháin (2019-2024)

<u>Tuairisc</u>		2019 EUR	2020 EUR	2021 EUR	2022 EUR	2023 EUR	2024 EUR
A. Caiteachas							
1. Liúntas dífhostaíochta	a	24 799 099.64	31 337 400.94	23 663 156.87	19 875 373.02	21 771 651.78	29 356 864.54
2. Ranníocaíochtaí le JSIS	b	2 013 936.61	1 466 468.10	-	-	-	-
Caiteachas iomlán	d=Σa-c	26 813 036.25	32 803 869.04	23 663 156.87	19 875 373.02	21 771 651.78	29 356 864.54
B. Ioncam							
1. An Coimisiún Eorpach	e	7 025 650.91	7 432 478.53	7 873 354.00	9 021 576.14	9 962 294.82	11 189 510.00
2. Parlaimint na hEorpa	f	4 078 688.97	4 219 155.81	4 569 046.60	5 156 115.74	5 637 489.90	5 991 603.91
3. An tOmbudsman Eorpach	g	40 137.47	40 680.65	42 182.04	44 033.53	51 463.82	50 679.47
4. An Chomhairle	h	259 888.53	329 439.25	399 749.41	521 080.80	591 789.21	638 356.64
5. An Chúirt Bhreithúnais	i	1 164 182.86	1 353 574.43	1 410 446.04	1 538 584.20	1 625 590.32	1 726 565.19
6. An Chúirt Iníuchóir	j	301 432.53	311 363.01	349 950.20	369 832.01	430 878.54	455 122.83
7. An Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta	k	115 842.48	118 175.34	128 369.83	163 573.18	184 681.03	212 089.49
8. Coiste na Réigiún	l	126 921.93	151 801.78	152 707.32	170 359.48	201 664.02	232 525.91
9. SEGS	m	1 199 396.42	1 245 571.20	1 376 053.89	1 542 352.35	1 625 815.83	1 730 926.13
10. MECS	n		25 463.38	37 579.91	67 673.31	57 449.82	64 300.76
11. Gníomhaireachtaí	o	15 201 144.99	16 296 954.60	18 370 540.46	21 293 335.50	23 678 870.72	26 414 720.50
Ioncam iomlán	p=Σe-o	29 513 287.09	31 524 657.98	34 709 979.70	39 888 516.24	44 047 988.03	48 706 400.83
C. Coigeartuithe cuntasíochta	q					260.61	
D. Toradh Oibriúcháin	r=p-d	2 700 250.84	-1 279 211.06	11 046 822.83	20 013 143.22	22 276 596.86	19 349 536.29

Forás na gCuntas Reatha agus Infheistíochta

Chomh maith leis an gcuntas reatha a sholáthraíonn an leachtacht ó lá go lá agus a bhainistíonn idirbhearta na dtairbhíthe agus na nInstitiúidí ábhartha, leithdháil an Ciste, ar an bpunann, na cistí sin nach bhfuil gá leo faoi láthair dá oibleagáidí, agus a infheistítear faoi bhainistiú AS BUDG.

Agus anailís á déanamh ar chuntais an Chiste, ba é an forás mór a tharla le 5 bliana anuas aistriú EUR 75 mhilliún in 2023 ón gcuntas reatha chuig an gcuntas punainne. Infheistíodh na cúlchistí sin ar dtús i gcoigilteas ar théarma seasta as a dtagann toradh thart ar 3-4 % in aghaidh na bliana, thart ar EUR 900 000 in 2023 agus EUR 3,2 milliún in 2024.

Tábla 2 – An Ciste Dífhostaíochta – Iarmhéid Airgid (Forbairt an iarmhéid charnagh 2019-2024)

<u>Tuairisc</u>		2019 EUR	2020 EUR	2021 EUR	2022 EUR	2023 EUR	2024 EUR
I. Cuntas reatha							
A. Toradh Oibriúcháin	a	2 700 250.84	-1 279 211.06	11 046 822.83	20 013 143.22	22 276 596.86	19 349 536.29
B. Iarmhéid an chuntais reatha 01/01	b	27 970 008.68	30 670 259.52	29 391 048.46	40 437 871.29	60 451 014.51	7 727 611.37
C. Infheistíocht téarma an bharrachais (-)	c					-75 000 000.00	
Aisghabháil infheistíochtaí (+)	c						
D. Iarmhéid an chuntais reatha 31/12	d=a+b+c	30 670 259.52	29 391 048.46	40 437 871.29	60 451 014.51	7 727 611.37	27 077 147.66
II. Infheistíochtaí téarma							
E. Infheistíochtaí airgeadais 01/01	e	22 092.20	22 092.20	22 092.20	22 092.20	22 158.52	75 917 600.46
F. Íocaíochtaí ón gcuntas reatha (+) agus chuig an gcuntas reatha (-)	f					75 000 000.00	
G. Ús bainc	g				66.32	895 441.94	3 270 157.26
H. Oibríochtaí Baincéireachta	h						
E. Infheistíochtaí airgeadais 31/12	i=e+f	22 092.20	22 092.20	22 092.20	22 158.52	75 917 600.46	79 187 757.72
III. Cúlchistí carntha	j=d+i	30 692 351.72	29 413 140.66	40 459 963.49	60 473 173.03	83 645 211.83	106 264 905.38

Léirítear le Tábla 3 iarmhéid carntha an Chiste ar bhealach níos comhdhlúite. Ag tús agus deireadh na tréimhse tuairiscithe, bhí an cuntas reatha ar leibhéil chomhchosúla thart ar EUR

27 milliún, ach chuaigh an roinn Infheistíochtaí ó thart ar EUR 22 000 go dtí os cionn EUR 79 milliún.

Tábla 3 – An Ciste Dífhostaíochta – Iarmhéid Carnach (2019-2024)

<u>Tuairisc</u>	2019 EUR	2020 EUR	2021 EUR	2022 EUR	2023 EUR	2024 EUR
Cuntas reatha	30 670 259.52	29 391 048.46	40 437 871.29	60 451 014.51	7 727 611.37	27 077 147.66
Infheistíochtaí	22 092.20	22 092.20	22 092.20	22 158.52	75 917 600.46	79 187 757.72
Iomlán	30 692 356.72	29 413 145.66	40 459 963.49	60 473 173.03	83 645 211.83	106 264 905.38

3.2 Staid airgeadais: torthaí oibriúcháin 2019-2024

Sa chuntasaíocht fabhráithe, déantar idirbhearta a thaifeadadh sna cuntais tráth a bhíonn an ranníocaíocht leis an gCiste nó íocaíocht an tsochair dífhostaíochta dlite. Fágann sé sin go mbíonn roinnt neamhréireachtaí ann leis an gcuntasaíocht bunaithe ar airgead toisc go gcumhdaíonn roinnt ranníocaíochtaí a fuarthas ag tús bhliain N tréimhsí gníomhaíochta ag deireadh bhliain n-1 nó go gcumhdaíonn roinnt méideanna a íocadh ag tús bhliain N tréimhsí dífhostaíochta ag deireadh bhliain n-1.

Tábla 4 – An Ciste Dífhostaíochta – Staid Airgeadais – Torthaí Oibriúcháin (2019-2024)

<u>Tuairisc</u>		2019 EUR	2020 EUR	2021 EUR	2022 EUR	2023 EUR	2024 EUR
A. Caiteachas							
1. Liúntas dífhostaíochta	a	23 264 951.63	30 572 441.37	23 477 999.25	19 946 600.45	21 755 821.42	30 924 110.75
2. Ranníocaíochtaí le JSIS	b	2 013 936.61	1 466 468.10	-	-	-	-
Caiteachas iomlán	d=a+b	25 278 888.24	32 038 909.47	23 477 999.25	19 946 600.45	21 755 821.42	30 924 110.75
B. Ioncam							
1. An Coimisiún Eorpach	e	7 025 650.91	7 432 478.53	7 873 354.00	9 021 576.14	9 962 158.69	11 189 510.00
2. Parlaimint na hEorpa	f	4 078 688.97	4 219 155.81	4 569 046.60	5 156 115.74	5 637 391.21	5 991 603.91
3. An tOmbudsman Eorpach	g	40 137.47	40 680.65	42 182.04	44 033.53	51 463.82	50 679.47
4. An Chomhairle	h	259 888.53	329 439.25	399 749.41	521 080.80	591 778.17	638 356.64
5. An Chúirt Bhreithúnas	i	1 164 182.86	1 353 574.43	1 410 446.04	1 538 584.20	1 625 359.85	1 726 565.19
6. An Chúirt Iníochóin	j	301 432.53	311 363.01	349 950.20	369 832.01	430 878.54	455 122.83
7. An Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta	k	115 842.48	118 175.34	128 369.83	163 573.18	184 681.03	212 089.49
8. Coiste na Réigín	l	126 921.93	151 801.78	152 707.32	170 359.48	201 664.02	232 525.91
9. SEGS	m	1 199 396.42	1 245 571.20	1 376 053.89	1 542 352.35	1 625 790.74	1 730 923.66
10. MECS	n		25 463.38	37 579.91	67 673.31	57 449.82	64 300.76
11. Gníomhaireachtaí	o	15 201 144.99	16 296 954.60	18 370 540.46	21 293 335.50	23 667 494.02	26 414 327.70
Ioncam iomlán	p=Σe-o	29 513 287.09	31 524 657.98	34 709 979.70	39 888 516.24	44 036 109.91	48 706 005.56
C. Coigeartuithe cuntasaíochta	q					260.61	
D. Toradh oibriúcháin	r=p-d	4 234 398.85	-514 251.49	11 231 980.45	19 941 915.79	22 280 549.10	17 781 894.81

3.3 Torthaí Oibriúcháin 2019-2024

Le blianta beaga anuas, bhí figiúirí maithe i gceist le toradh oibriúcháin an Chiste agus thart ar EUR 12 mhilliún in aghaidh na bliana a bhí i gceist leis na gnóthachain a fuarthas ar an meán le linn na tréimhse tagartha agus thart ar EUR 20 milliún a bhí i gceist sna 3 bliana deireanacha. De bharr na dinimice sin, bhain na cúlchistí carnacha os cionn EUR 106 mhilliún amach ag deireadh 2024, is é sin méadú os cionn 243 % i ndáil leis an EUR 30 milliún a bhí ann in 2019.


Chuir an timthriallacht aitheanta sa chaiteachas, as a n-eascraíonn borradh sealadach ar APAnna dífhostaithe, leis an méadú ar an gcaiteachas in 2024. Mar sin féin, le linn na bliana sin, ní raibh easnamh ann ach amháin le linn mhí Dheireadh Fómhair, ar luach EUR 600 000. Bhí EUR 27 milliún sa chuntas reatha ag deireadh 2024, rud a sholáthraíonn, in éineacht le

thart ar EUR 78 milliún sa phunann, maolán leachtachta don scéim lena maolaítear easnaimh a d'fhéadfadh a bheith ann in 2025 mar gheall ar líon na APAnna dífhostaithe.

Agus anailís á déanamh ar fhorás an ioncaim le 5 bliana anuas, bhí meánmhéadú bliantúil 10 % ann sa tréimhse 2019-2024, ar luasghéarú beag é ar mheánmhéadú na tuarascála roimhe sin (2017-2022) nuair a taifeadadh meánmhéadú thart ar 9 %. In 2024, os cionn EUR 48 milliún a bhí san ioncam iomlán.

Maidir leis an bhforás ar an gcaiteachas le 5 bliana anuas, tar éis laghdú in 2021 agus 2022, tháinig téarnamh faoi bheagnach 9 % air in 2023 agus faoi níos mó ná 34 % in 2024, nuair a bhain sé amach beagnach EUR 30 milliún, leibhéal atá thart ar 10 % níos airde ná 2019, ach níos lú ná an bhuaic EUR 32 mhilliún a bhí ann in 2020.

Fíor 3.3.1 Forás an Chiste Dífhostaíochta



Foinse: Tábla 1, Tábla 2

3.4 Staid airgeadais: miondealú ar chaiteachas agus ioncam

I dTábla 5 tugtar miondealú ar chaiteachas agus ioncam de réir na hinstitiúide agus le haghaidh gach gníomhaireachta i ndearbhthéarmaí agus i dtéarmaí coibhneasta araon. Tugann an forás ar ranníocaíocht agus caiteachas gach institiúide agus na ngníomhaireachtaí léargas ilchineálach.

Tábla 5 – An Ciste Dífhostaíochta – An staid airgeadais: Miondealú ar chaiteachas agus ioncam de réir institiúide (2019 – 2024)

Bliain	2019		2020		2021		2022		2023		2024	
Tuairisc	Caiteachas	Ioncam	Caiteachas	Ioncam	Caiteachas	Ioncam	Caiteachas	Ioncam	Caiteachas	Ioncam	Caiteachas	Ioncam
INSTITIÚID												
B. Parlaimint na hEorpa	10 381 757.85	4 078 688.97	13 103 965.00	4 219 155.81	6 611 995.94	4 562 936.06	4 603 428.72	5 152 392.51	4 394 502.66	5 669 264.25	13 273 920.10	6 023 438.74
C. An tOmbudsman Eorpach	2 342.39	40 137.47	27 676.00	40 680.65		42 182.04		44 033.53		51 339.24		51 376.19
D. An Chomhairle	433 433.95	259 888.53	633 694.72	329 439.25	260 627.61	399 645.25	388 568.60	303 255.48	318 184.92	594 381.74	521 764.21	639 370.40
E. An Chóir Bhreithiúnais	538 879.80	1 164 182.86	715 432.19	1 353 574.43	474 925.99	1 410 517.40	580 097.27	1 538 819.87	661 192.84	1 629 614.07	702 833.43	1 743 068.17
F. An Chúirt Iníúchóirí	231 389.25	301 432.53	170 210.46	311 363.01	126 278.79	346 794.55	294 105.82	369 832.01	523 696.85	430 993.03	526 868.94	455 400.68
G. An Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialaí	167 761.33	115 842.48	144 165.77	118 175.34	185 271.82	128 301.45	178 081.89	163 573.18	363 957.15	185 011.47	135 718.41	212 309.18
H. Coiste na Réigiún	147 100.22	126 921.93	154 643.19	151 801.78	137 650.43	152 707.32	170 960.98	170 374.11	104 687.35	201 251.01	102 442.89	231 434.98
I. SEGS	392 292.54	1 199 396.42	642 974.02	1 245 571.20	901 877.26	1 371 613.07	673 669.87	1 543 761.76	444 560.35	1 629 150.64	462 546.67	1 699 429.80
J. MECS			74 972.80	25 463.38	60 955.58	37 579.91	3 690.13	58 290.56		58 113.30	71 515.76	64 377.73
K. Gníomhaireachtaí	4 439 496.25	15 201 144.99	4 823 548.02	16 296 954.60	5 369 063.39	18 354 906.94	4 346 523.13	21 236 119.81	4 639 281.94	23 556 705.08	5 435 988.12	26 393 505.95
Iomlán	25 278 888.24	29 513 287.09	32 038 909.47	31 524 657.98	23 475 353.67	34 665 215.34	19 941 767.91	39 799 109.14	21 705 764.78	44 003 703.97	30 928 081.54	48 756 874.37
II. Mar % den iomlán												
A. An Coimisiún Eorpach	33.80%	23.81%	36.04%	23.58%	39.81%	22.67%	43.64%	22.66%	47.25%	22.72%	31.35%	23.06%
B. Parlaimint na hEorpa	41.07%	13.82%	40.90%	13.38%	28.17%	13.16%	23.08%	12.95%	20.25%	12.88%	42.92%	12.35%
C. An tOmbudsman Eorpach	0.01%	0.14%	0.09%	0.13%		0.12%		0.11%		0.12%		0.11%
D. An Chomhairle	1.71%	0.88%	1.98%	1.05%	1.11%	1.15%	1.95%	1.26%	1.47%	1.35%	1.69%	1.31%
E. An Chúirt Bhreithiúnais	2.13%	3.94%	2.23%	4.29%	2.02%	4.07%	2.91%	3.87%	3.05%	3.70%	2.27%	3.58%
F. An Chúirt Iníúchóirí	0.92%	1.02%	0.53%	0.99%	0.54%	1.00%	1.47%	0.93%	2.41%	0.98%	1.70%	0.93%
G. An Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialaí	0.66%	0.39%	0.45%	0.37%	0.79%	0.37%	0.89%	0.41%	1.68%	0.42%	0.44%	0.44%
H. Coiste na Réigiún	0.58%	0.43%	0.48%	0.48%	0.59%	0.44%	0.86%	0.43%	0.46%	0.46%	0.33%	0.47%
I. SEGS	1.55%	4.06%	2.01%	3.95%	3.84%	3.96%	3.38%	3.88%	2.05%	3.70%	1.50%	3.49%
J. MECS			0.23%	0.08%	0.26%	0.11%	0.02%	0.15%		0.13%	0.23%	0.13%
K. Gníomhaireachtaí	17.56%	51.51%	15.06%	51.70%	22.87%	52.95%	21.80%	53.36%	21.37%	53.53%	17.58%	54.13%
Iomlán	100.00%	100.00%	100.00%	100.00%	100.00%	100.00%	100.00%	100.00%	100.00%	100.00%	100.00%	100.00%

4. Anailís ar dhaoine faoi árachas, ar thairbhíthe agus ar liúntais a íocadh

Príomhfhíoraíais:

- 1) Bhí **36,689 ranníocóir** ann i mí na Nollag 2024, méadú 34 % i gcomparáid le 2019.
- 2) Bhí **754 tairbhí** ann i mí na Nollag 2024, laghdú 31 % i gcomparáid le 2019.
- 3) Tháinig laghdú ó 4 % go 2 % ar an **gcóimheas dífhostaíochta comhiomlán** ar fud na nInstitiúidí agus na nGníomhaireachtaí uile le linn na tréimhse.
- 4) Tháinig méadú beag ar an bhfad **dífhostaíochta** go 8,8 mí ar an meán in 2024 ó 8,5 mí in 2019.
- 5) **Dáileadh geografach na dtairbhíthe:** sa Bheilg a bhí 51 % de na tairbhíthe in 2024, agus 27 % díobh ina gcónaí i Lucsamburg, san Iodáil, sa Spáinn agus sa Fhrainc.

4.1 Gnéithe modheolaíochta

Agus an daonra a bhfuil tionchar ag an scéim air á mheas, san anailís sa tuarascáil roimhe seo agus sa tuarascáil reatha úsáideadh an daonra a bhí cláraithe i mí na Nollag gach bliain mar chomhaltai nó mar thairbhíthe. Fágann sé sin go bhfuil cur chuige anailíseach simplí ann.

4.2. An líon daoine faoi árachas

Agus comhaltaí na scéime ag deireadh na bliana á gcur san áireamh, léiríonn na sonraí méadú leanúnach ar an daonra le blianta beaga anuas. Le linn na tréimhse tagartha, tháinig méadú 34 % ar dhaonra na foirne sealadaí, agus bhí 36 689 nduine ann ag deireadh 2024.

Tábla 6 – An líon comhaltaí den scéim um árachas dífhostaíochta

INSTITIÚID	Bliain		2019				2020				2021				2022				2023				2024								
	Cineál Gréid	Cineál Faidhreacha	TA	CA	APA	IOHLÉN	TA	CA	APA	IOHLÉN	TA	CA	APA	IOHLÉN	TA	CA	APA	IOHLÉN	TA	CA	APA	IOHLÉN	TA	CA	APA	IOHLÉN					
	AD	IV	AST	III	AST-C	II	AD	IV	AST	III	AST-C	II	AD	IV	AST	III	AST-C	II	AD	IV	AST	III	AST-C	II	AD	IV	AST	III	AST-C	II	
I. An Coimisiún Eorpach	AD	IV	726	3 147		2 372	339	3 137		4 026	1 129	3 300		4 429	1 409	3 463		4 871	1 574	3 725		5 299	1 599	3 967		5 644					
	AST	III	320	1 447		1 767	297	1 464		1 865	509	1 407		1 916	691	1 239		2 030	747	1 274		2 421	824	1 487		2 232					
	AST-C	II	279	2 113		2 488	542	2 054		2 596	645	2 015		2 480	777	1 910		2 751	630	1 945		2 625	761	1 923		2 614					
						790		774		1 774		754		754		701		701		651		651		641		641					
	Iomlán	Iomlán	1 421	7 497		8 918	1 928	7 429		9 257	2 392	7 476		9 779	2 876	7 533		10 406	3 001	7 782		10 793	3 286	8 025		11 331					
II. Institiúidí Eile	AD	IV	430	315	413	1 153	522	329	470	1 329	532	362	470	1 373	576	399	409	1 464	642	447	99	1 188	710	349	469	1 555					
	AST	III	497	330	579	1 694	497	370	535	1 802	564	497	596	2 057	603	529	1 000	2 132	673	540	413	1 534	692	571	971	2 235					
	AST-C	II	27	159	425	611	42	172	418	632	57	187	411	655	57	203	424	634	35	190	991	1 216	43	149	441	633					
